

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 20



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 66

23 Eanáir 2023

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2023/147 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh ciorómaisín, tópramasóin agus tríflumasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/148 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2023 lena nglactar le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ..... 26
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/149 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2023 maidir le neamhathnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí beanflurailin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 30
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/150 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna nó deighleoga díobh a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe <sup>(1)</sup> ..... 33

#### CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2023/151 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú ..... 41

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.



## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2023/147 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Eanáir 2023

**I**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh ciorómaisín, tópramasóin agus trífhluasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), agus Airteagal 18(1), pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás ciorómaisín, tópramasóin agus trífhluasóil leagadh síos uasleibhéil iarmhar ("MRLanna") in Iarscríbhinn II agus i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) Maidir le formheas ciorómaisín mar shubstaint ghníomhach le haghaidh táirgí cosanta plandaí, chuaigh sé in éag an 31 Nollaig 2019 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Mar sin féin, is substaint é ciorómaisín atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i dtáirgí íocshláinte tréidliachta freisin agus leagadh síos MRLanna le haghaidh na substainte sin i dtáirgí ó ainmhithe den chineál caorach (seachas bainne) ar bhonn moltaí ón nGníomhaireacht Eorpach um Meastóireacht ar Tháirgí Íocshláinte <sup>(2)</sup> i Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Ba cheart na MRLanna sin a choinneáil ar bun ar na leibhéil atá ann chun go gcumhdófar an teagmháil de dheasca táirgí íocshláinte tréidliachta a úsáid in ainmhithe den chineál caorach. Maidir le gach táirge eile, na MRLanna a leagtar síos le haghaidh ciorómaisín in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 14(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 17 den Rialachán sin, is iomchuí na MRLanna sin a scríosadh.

<sup>(1)</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>(2)</sup> *Summary report of the Committee for veterinary medicinal products* [Tuarascáil achomair ón gCoiste um tháirgí íocshláinte tréidliachta]. An Gníomhaireacht Eorpach um Meastóireacht ar Tháirgí Íocshláinte: Táirgí Íocshláinte Tréidliachta agus Iniúchtaí. EMEA/MRL/606/99-Final. Meitheamh 1999.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a n-aicmiú i ndáil le huasteorainneacha iarmhar in earraí bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 15, 20.1.2010, lch. 1).

- (3) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tópramasón i leith na n-úsáidí atá beartaithe ag an iarratasóir in 2014 <sup>(4)</sup>. In 2020, tarraingíodh siar gach iarratas ar athnuachan fhormheas na substainte gníomhaí tópramasón, agus tugadh an nós imeachta athnuachana i gcrích le neamh-fhormheas tópramasón <sup>(5)</sup>. Rinneadh gach údarú a bhí ann le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil tópramasón a chúlghairm. Dá bhrí sin, maidir leis na MRLanna a leagtar amach le haghaidh tópramasón i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí iad a íslú go dtí an LOD agus is iomchuí na LODanna a liostú in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin i gcomhréir le hAirteagal 14(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 17 den Rialachán sin.
- (4) Chuaigh formheas trífhluasóil in éag an 30 Meitheamh 2020 agus níor cuireadh aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú a bhí ann le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil trífhluasóil a chúlghairm. Dá bhrí sin, maidir leis na MRLanna a leagtar amach le haghaidh trífhluasóil i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí iad a íslú go dtí an LOD agus is iomchuí na LODanna a liostú in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin i gcomhréir le hAirteagal 14(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 17 den Rialachán sin.
- (5) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúnú. Maidir le gach substaint ghníomhach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.
- (6) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.
- (8) Maidir le gach substaint ghníomhach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo i gcás táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir ar bun.
- (9) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú chun na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 2

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas roimh an 12 Lúnasa 2023.

<sup>(4)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, 2014. *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance topramezone* [Conclúid maidir le hathbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tópramasón]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(2):3540. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2014.3540>.

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/79 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí tópramasón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 29, 28.1.2021, lch. 8).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin le haghaidh ciorómaisín:

**"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo <sup>(*)</sup>	Ciorómaisín
(1)	(2)	(3)
0100000	<b>TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN</b>	<b>0,01 (*)</b>
0110000	<b>Torthaí citris</b>	
0110010	Seadóga	
0110020	Oráistí	
0110030	Líomóidí	
0110040	Líomaí	
0110050	Mandairíní	
0110990	Eile (2)	
0120000	<b>Cnónna crann</b>	
0120010	Almóinní	
0120020	Cnónna Brasaíleacha	
0120030	Cnónna caisiú	
0120040	Castáin	
0120050	Cnónna cócó	
0120060	Cnónna coill	
0120070	Macadaimia	
0120080	Cnónna peacáin	
0120090	Eithní cnónna péine	
0120100	Cnónna pistéise	
0120110	Gallchnónna	
0120990	Eile (2)	
0130000	<b>Torthaí póma</b>	
0130010	Úlla	
0130020	Piorraí	
0130030	Cainchí	
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	
0130050	Locuatanna	
0130990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0140000	<b>Torthaí cloiche</b>	
0140010	Aibreoga	
0140020	Silíní (iad milis)	
0140030	Péitseoga	
0140040	Plumaí	
0140990	Eile (2)	
0150000	<b>Caora agus torthaí beaga</b>	
0151000	(a) <b>íonchaora</b>	
0151010	Fíonchaora boird	
0151020	Fíniúnacha coiteanna	
0152000	(b) <b>sútha talún</b>	
0153000	(c) <b>torthaí cána</b>	
0153010	Sméara dubha	
0153020	Eithreoga	
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	
0153990	Eile (2)	
0154000	(d) <b>torthaí beaga eile agus caora eile</b>	
0154010	Fraocháin	
0154020	Mónóga	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	
0154050	Mogóirí róis	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	
0154080	Caora troim	
0154990	Eile (2)	
0160000	<b>Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil</b>	
0161000	(a) <b>craiceann inite</b>	
0161010	Dátaí	
0161020	Figí	
0161030	Ológa boird	
0161040	Cumcuait	
0161050	Torthaí réaltúla	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	
0161070	Plumaí láva	
0161990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0162000	<b>(b) craiceann do-ite, é beag</b>	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	
0162020	Lítsíonna	
0162030	Páiseoga	
0162040	Piorraí deilgneacha	
0162050	Réalt-úlla	
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	
0162990	Eile (2)	
0163000	<b>(c) craiceann do-ite, é mór</b>	
0163010	Abhacáid	
0163020	Bananaí	
0163030	Mangónna	
0163040	Papánna	
0163050	Pomagránaití	
0163060	Céiriomoighe	
0163070	Guábhaí	
0163080	Anainn	
0163090	Torthaí aráin	
0163100	Duraigh	
0163110	Úlla deilgneacha	
0163990	Eile (2)	
0200000	<b>GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE</b>	<b>0,01 (*)</b>
0210000	<b>Glasraí fréimhe agus tiúbair</b>	
0211000	<b>(a) prátaí</b>	
0212000	<b>(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha</b>	
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	
0213000	<b>(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas síúcra</b>	
0213010	Meacain bhiatais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	
0213050	Bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	



(1)	(2)	(3)
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	
0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	
0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	
0220000	<b>Glasraí bleibíní</b>	
0220010	Gairleog	
0220020	Oinniúin	
0220030	Seallóidí	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	
0220990	Eile (2)	
0230000	<b>Glasraí a thugann torthaí</b>	
0231000	(a) <b>Solanaceae agus Malvaceae</b>	
0231010	Trátaí	
0231020	Piobair	
0231030	Ubhthorthaí	
0231040	Ocra	
0231990	Eile (2)	
0232000	(b) <b>guird a bhfuil craiceann inite acu</b>	
0232010	Cúcamair	
0232020	Gircíní	
0232030	Cúirséid	
0232990	Eile (2)	
0233000	(c) <b>guird a bhfuil craiceann do-ite acu</b>	
0233010	Mealbhacáin	
0233020	Puimcíní	
0233030	Mealbhacáin uisce	
0233990	Eile (2)	
0234000	(d) <b>arbhar milis</b>	
0239000	(e) <b>glasraí eile a thugann torthaí</b>	
0240000	<b>Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)</b>	
0241000	(a) <b>praiseach bhlátha</b>	
0241010	Brocailí	
0241020	Cóilis	
0241990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0242000	<b>(b) praiseach chinn</b>	
0242010	Bachlóga Bruiséile	
0242020	Cabáistí cinn	
0242990	Eile (2)	
0243000	<b>(c) praiseach dhuilleach</b>	
0243010	Cabáistí Síneacha	
0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	
0244000	<b>(d) cáiráibí</b>	
0250000	<b>Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite</b>	
0251000	<b>(a) leitísí agus plandaí sailéid</b>	
0251010	Ceathrúna uain	
0251020	Leitísí	
0251030	Searbháin muc	
0251040	Biolair agus eascróga agus péacáin eile	
0251050	Biolair thalún	
0251060	Ruachán Rómhánach	
0251070	Mustard dearg	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	
0251990	Eile (2)	
0252000	<b>(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla</b>	
0252010	Spionáistí	
0252020	Puirsléain	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	
0252990	Eile (2)	
0253000	<b>(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla</b>	
0254000	<b>(d) biolair uisce</b>	
0255000	<b>(e) searbháin na Beilge</b>	
0256000	<b>(f) luibheanna agus bláthanna inite</b>	
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	

(1)	(2)	(3)
0256080	Basal agus bláthanna inite	
0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	
0260000	<b>Léagúim</b>	
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	
0260040	Piseanna (gan faighneoga)	
0260050	Lintilí	
0260990	Eile (2)	
0270000	<b>Glasraí gais</b>	
0270010	Lus súgach	
0270020	Cardúin	
0270030	Soilirí	
0270040	Finéal Fhlórans	
0270050	Bliosáin chruinne	
0270060	Cainneanna	
0270070	Biabhóg	
0270080	Péacáin bhambú	
0270090	Croíthe pailme	
0270990	Eile (2)	
0280000	<b>Fungais, caonaigh agus léicin</b>	
0280010	Fungais shaothraithe	
0280020	Fungais fhiáine	
0280990	Caonaigh agus léicin	
0290000	<b>Algaí agus orgánaigh phrócaróit</b>	
0300000	<b>PISEÁNAIGH</b>	<b>0,02 (*)</b>
0300010	Pónairí	
0300020	Lintilí	
0300030	Piseanna	
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	
0300990	Eile (2)	
0400000	<b>OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ</b>	<b>0,01 (*)</b>
0401000	<b>Olashíolta</b>	
0401010	Ros lín	
0401020	Piseanna talún	
0401030	Síolta poipín	

(1)	(2)	(3)
0401040	Síolta seasamain	
0401050	Síolta lus na gréine	
0401060	Síolta ráibe	
0401070	Pónairí soighe	
0401080	Síolta mustaird	
0401090	Síolta cadáis	
0401100	Síolta puimcín	
0401110	Síolta cróch bréige	
0401120	Síolta borraíste	
0401130	Caimilín	
0401140	Síolta cnáibe	
0401150	Pónairí ricne	
0401990	Eile (2)	
0402000	<b>Olathorthaí</b>	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	
0402020	Eithní pailme ola	
0402030	Torthaí pailme ola	
0402040	Capac	
0402990	Eile (2)	
0500000	<b>GRÁNAIGH</b>	<b>0,02 (*)</b>
0500010	Eorna	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	
0500040	Muiléad coiteann	
0500050	Coirce	
0500060	Rís	
0500070	Seagal	
0500080	Sorgam	
0500090	Cruithneacht	
0500990	Eile (2)	
0600000	<b>TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB</b>	<b>0,1 (*)</b>
0610000	<b>Taenna</b>	
0620000	<b>Pónairí caife</b>	
0630000	<b>Insiltí luibhe ó</b>	
0631000	(a) <b>bláthanna</b>	
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	

(1)	(2)	(3)
0631040	Seasmáin	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	
0632000	<b>(b) duilleoga agus luibheanna</b>	
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	<b>(c) fréamhacha</b>	
0633010	Caorthann corraigh	
0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	<b>(d) aon chuid eile den phlanda</b>	
0640000	<b>Pónairí cócó</b>	
0650000	<b>Carúib</b>	
0700000	<b>LEANNLUSANNA</b>	0,1 (*)
0800000	<b>SPÍOSRAÍ</b>	
0810000	<b>Spíosraí ó shíolta</b>	0,1 (*)
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choire	
0810050	Cuimín	
0810060	Lus mín	
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	<b>Spíosraí ó thorthaí</b>	0,1 (*)
0820010	Ílspíosra/pimeantó	
0820020	Piobar Szechuan	
0820030	Cearbhas	
0820040	Cardamam	
0820050	Caor aitul	
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	

(1)	(2)	(3)
0820070	Fanaile	
0820080	Tamarain	
0820990	Eile (2)	
0830000	<b>Spíosraí ó choirt</b>	0,1 (*)
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	
0840000	<b>Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm</b>	
0840010	Liocras	0,1 (*)
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,1 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	0,1 (*)
0850000	<b>Spíosraí ón mbachlóg</b>	0,1 (*)
0850010	Clóibh	
0850020	Caprais	
0850990	Eile (2)	
0860000	<b>Spíosraí ó phistil bláthanna</b>	0,1 (*)
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	
0870000	<b>Spíosraí arail</b>	0,1 (*)
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	<b>PLANDAÍ SIÚCRA</b>	<b>0,01 (*)</b>
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	
0900020	Cánaí siúcra	
0900030	Fréamhacha siocaire	
0900990	Eile (2)	
1000000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN</b>	
1010000	<b>Tráchtearraí ó</b>	
1011000	(a) <b>mucra</b>	
1011010	Matán	0,01 (*)
1011020	Saill	0,01 (*)
1011030	An t-ae	<b>0,05 (*)</b>
1011040	An duán	0,01 (*)
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 (*)
1011990	Eile (2)	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)
1012000	<b>(b) bó-ainmhí</b>	
1012010	Matán	0,01 (*)
1012020	Saill	0,01 (*)
1012030	An t-ae	<b>0,05</b> (*)
1012040	An duán	0,01 (*)
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 (*)
1012990	Eile (2)	0,01 (*)
1013000	<b>(c) caoirigh</b>	0,3(+)
1013010	Matán	(+)
1013020	Saill	(+)
1013030	An t-ae	(+)
1013040	An duán	(+)
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	(+)
1013990	Eile (2)	(+)
1014000	<b>d) gabhar</b>	
1014010	Matán	0,01 (*)
1014020	Saill	0,01 (*)
1014030	An t-ae	<b>0,05</b> (*)
1014040	An duán	0,01 (*)
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 (*)
1014990	Eile (2)	0,01 (*)
1015000	<b>(e) eachaí</b>	
1015010	Matán	0,01 (*)
1015020	Saill	0,01 (*)
1015030	An t-ae	<b>0,05</b> (*)
1015040	An duán	0,01 (*)
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 (*)
1015990	Eile (2)	0,01 (*)
1016000	<b>(f) éanlaith chlóis</b>	
1016010	Matán	0,01 (*)
1016020	Saill	0,01 (*)
1016030	An t-ae	<b>0,05</b> (*)
1016040	An duán	0,01 (*)
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 (*)
1016990	Eile (2)	0,01 (*)
1017000	<b>(g) ainmhithe talún feirme eile</b>	
1017010	Matán	0,01 (*)
1017020	Saill	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)
1017030	An t-ae	<b>0,05</b> (*)
1017040	An duán	0,01 (*)
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 (*)
1017990	Eile (2)	
1020000	<b>Bainne</b>	0,01 (*)
1020010	Eallach	
1020020	Caoirigh	
1020030	Gabhar	
1020040	Capall	
1020990	Eile (2)	
1030000	<b>Uibheacha éan</b>	<b>0,05</b> (*)
1030010	An chearc	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	
1030040	Gearg	
1030990	Eile (2)	
1040000	<b>Mil agus táirgí beachaíreachta eile (7)</b>	0,05 (*)
1050000	<b>Débheathaigh agus Reiptílí</b>	0,01 (*)
1060000	<b>Ainmhithe inveirteabracha talún</b>	0,01 (*)
1070000	<b>Ainmhithe veirteabracha talún fiáine</b>	0,01 (*)
1100000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)</b>	
1200000	<b>TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)</b>	
1300000	<b>TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)</b>	

(\*) Léiríonn an (\*) íosteorainn an chinnidh anailísigh

(\*) (a) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

### Ciorómaisín

MRL maidir le tréidliacht

**1013000 (c) caoirigh**

**1013010 Matán**

**1013020 Saill**

**1013030 An t-ae**

**1013040 An duán**

**1013050 Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)**

**1013990 Eile (2)”**



- (b) scriostar an colún le haghaidh trífhluasóil.
- (2) i gCuid A d'Iarscríbhinn III, scriostar an colún le haghaidh tópramasóin.
- (3) in Iarscríbhinn V, cuirtear isteach na colúin seo a leanas le haghaidh tópramasóin agus trífhluasóil:

**"Iarmhair lotnadicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo <sup>(e)</sup>	Tópramasón (BAS 670H)	Trífhluasóil agus meitibilít FM-6-1(N-(4-clóra-2-trífluaraimetiféil)-n-própoasaicéatamídín), arna sloinneadh mar Trífhluasóil (R) (F)
(1)	(2)	(3)	(4)
0100000	<b>TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0110000	<b>Torthaí citris</b>		
0110010	Seadóga		
0110020	Oráistí		
0110030	Líomóidí		
0110040	Líomaí		
0110050	Mandairíní		
0110990	Eile (2)		
0120000	<b>Cnónna crann</b>		
0120010	Almóinní		
0120020	Cnónna Brasaíleacha		
0120030	Cnónna caisiú		
0120040	Castáin		
0120050	Cnónna cócó		
0120060	Cnónna coill		
0120070	Macadaimia		
0120080	Cnónna peacáin		
0120090	Eithní cnónna péine		
0120100	Cnónna pistéise		
0120110	Gallchnónna		
0120990	Eile (2)		
0130000	<b>Torthaí póma</b>		
0130010	Úlla		
0130020	Piorraí		
0130030	Cainchí		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		

(1)	(2)	(3)	(4)
0130050	Locuatanna		
0130990	Eile (2)		
0140000	<b>Torthaí cloiche</b>		
0140010	Aibreoga		
0140020	Silíní (iad milis)		
0140030	Péitseoga		
0140040	Plumaí		
0140990	Eile (2)		
0150000	<b>Caora agus torthaí beaga</b>		
0151000	(a) <b>fionchaora</b>		
0151010	Fionchaora boird		
0151020	Fíniúnacha coiteanna		
0152000	(b) <b>sútha talún</b>		
0153000	(c) <b>torthaí cána</b>		
0153010	Sméara dubha		
0153020	Eithreoga		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		
0153990	Eile (2)		
0154000	(d) <b>torthaí beaga eile agus caora eile</b>		
0154010	Fraocháin		
0154020	Mónóga		
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		
0154050	Mogóirí róis		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		
0154080	Caora troim		
0154990	Eile (2)		
0160000	<b>Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil</b>		
0161000	(a) <b>craiceann inite</b>		
0161010	Dátaí		
0161020	Figí		
0161030	Ológa boird		
0161040	Cumcuait		
0161050	Torthaí réaltúla		
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		
0161070	Plumaí láva		
0161990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0162000	<b>(b) craiceann do-ite, é beag</b>		
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		
0162020	Lítsíonna		
0162030	Páiseoga		
0162040	Piorraí deilgneacha		
0162050	Réalt-úlla		
0162060	Dátphlumáí Meiriceánacha		
0162990	Eile (2)		
0163000	<b>(c) craiceann do-ite, é mór</b>		
0163010	Abhacáid		
0163020	Bananaí		
0163030	Mangónna		
0163040	Papánna		
0163050	Pomagránaití		
0163060	Céiriomoighe		
0163070	Guábhaí		
0163080	Anainn		
0163090	Torthaí aráin		
0163100	Duraígh		
0163110	Úlla deilgneacha		
0163990	Eile (2)		
0200000	<b>GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE</b>		
0210000	<b>Glasraí fréimhe agus tiúbair</b>	<b>0,005 (*)</b>	<b>0,02 (*)</b>
0211000	<b>(a) prátaí</b>		
0212000	<b>(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha</b>		
0212010	Casabhaigh		
0212020	Prátaí milse		
0212030	Ionaim		
0212040	Ararút		
0212990	Eile (2)		
0213000	<b>(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra</b>		
0213010	Meacain bhíatais		
0213020	Meacain dhearga		
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		
0213040	Meacain ragaim		
0213050	Bliosáin ghréine		

(1)	(2)	(3)	(4)
0213060	Meacain bhána		
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		
0213080	Raidisí		
0213090	Salsabh		
0213100	Svaeideanna		
0213110	Tornapaí		
0213990	Eile (2)		
0220000	<b>Glasraí bleibíní</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0220010	Gairleog		
0220020	Oinniúin		
0220030	Seallóidí		
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		
0220990	Eile (2)		
0230000	<b>Glasraí a thugann torthaí</b>	<b>0,005 (*)</b>	<b>0,02 (*)</b>
0231000	(a) <b>Solanaceae agus Malvaceae</b>		
0231010	Trátaí		
0231020	Piobair		
0231030	Ubhthorthaí		
0231040	Ocra		
0231990	Eile (2)		
0232000	(b) <b>guird a bhfuil craiceann inite acu</b>		
0232010	Cúcamair		
0232020	Gircíní		
0232030	Cúirséid		
0232990	Eile (2)		
0233000	(c) <b>guird a bhfuil craiceann do-ite acu</b>		
0233010	Mealbhacáin		
0233020	Puimcíní		
0233030	Mealbhacáin uisce		
0233990	Eile (2)		
0234000	(d) <b>arbhar milis</b>		
0239000	(e) <b>glasraí eile a thugann torthaí</b>		
0240000	<b>Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0241000	(a) <b>praiseach bhlátha</b>		
0241010	Brocaílí		
0241020	Cóilis		
0241990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0242000	<b>(b) praiseach chinn</b>		
0242010	Bachlóga Bruiséile		
0242020	Cabáistí cinn		
0242990	Eile (2)		
0243000	<b>(c) praiseach dhuilleach</b>		
0243010	Cabáistí Síneacha		
0243020	Cáil		
0243990	Eile (2)		
0244000	<b>(d) cálráibí</b>		
0250000	<b>Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite</b>		
0251000	<b>(a) leitísí agus plandaí sailéid</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0251010	Ceathrúna uain		
0251020	Leitísí		
0251030	Searbháin muc		
0251040	Biolair agus eascróga agus péacáin eile		
0251050	Biolair thalún		
0251060	Ruachán Rómhánach		
0251070	Mustard dearg		
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)		
0251990	Eile (2)		
0252000	<b>(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0252010	Spionáistí		
0252020	Puirsléáin		
0252030	Seardas/duilleoga biatais		
0252990	Eile (2)		
0253000	<b>(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0254000	<b>(d) biolair uisce</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0255000	<b>(e) searbháin na Beilge</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0256000	<b>(f) luibheanna agus bláthanna inite</b>	0,01 (*)	0,05 (*)
0256010	Costóg		
0256020	Síobhas		
0256030	Duilleoga soilire		
0256040	Peirsil		
0256050	Sáiste		
0256060	Marós		
0256070	Tím		

(1)	(2)	(3)	(4)
0256080	Basal agus bláthanna inite		
0256090	Duilleog labhrais		
0256100	Dragan		
0256990	Eile (2)		
0260000	<b>Léagúim</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		
0260050	Lintilí		
0260990	Eile (2)		
0270000	<b>Glasraí gais</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0270010	Lus súgach		
0270020	Cardúin		
0270030	Soilirí		
0270040	Finéal Fhlórans		
0270050	Bliosáin chruinne		
0270060	Cainneanna		
0270070	Biabhóg		
0270080	Péacáin bhambú		
0270090	Croíthe pailme		
0270990	Eile (2)		
0280000	<b>Fungais, caonaigh agus léicin</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0280010	Fungais shaothraithe		
0280020	Fungais fhiáine		
0280990	Caonaigh agus léicin		
0290000	<b>Algaí agus orgánaigh phrócaróit</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0300000	<b>PISEÁNAIGH</b>	0,01 (*)	0,02 (*)
0300010	Pónairí		
0300020	Lintilí		
0300030	Piseanna		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		
0300990	Eile (2)		
0400000	<b>OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0401000	<b>Olashíolta</b>		
0401010	Ros lín		
0401020	Piseanna talún		
0401030	Síolta poipín		

(1)	(2)	(3)	(4)
0401040	Síolta seasamain		
0401050	Síolta lus na gréine		
0401060	Síolta ráibe		
0401070	Pónairí soighe		
0401080	Síolta mustaird		
0401090	Síolta cadáis		
0401100	Síolta puimcín		
0401110	Síolta cróch bréige		
0401120	Síolta borraíste		
0401130	Caimilín		
0401140	Síolta cnáibe		
0401150	Pónairí ricne		
0401990	Eile (2)		
0402000	<b>Olathorthaí</b>		
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		
0402020	Eithní pailme ola		
0402030	Torthaí pailme ola		
0402040	Capac		
0402990	Eile (2)		
0500000	<b>GRÁNAIGH</b>	0,01 (*)	0,02 (*)
0500010	Eorna		
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		
0500040	Muiléad coiteann		
0500050	Coirce		
0500060	Rís		
0500070	Seagal		
0500080	Sorgam		
0500090	Cruithneacht		
0500990	Eile (2)		
0600000	<b>TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB</b>	0,02 (*)	0,1 (*)
0610000	<b>Taenna</b>		
0620000	<b>Pónairí caife</b>		
0630000	<b>Insiltí luibhe ó</b>		
0631000	(a) <b>bláthanna</b>		
0631010	Camán meall		
0631020	Roiseog		
0631030	Rós		

(1)	(2)	(3)	(4)
0631040	Seasmáin		
0631050	Teile		
0631990	Eile (2)		
0632000	<b>(b) duilleoga agus luibheanna</b>		
0632010	Sú talún		
0632020	Rooibos		
0632030	Maité		
0632990	Eile (2)		
0633000	<b>(c) fréamhacha</b>		
0633010	Caorthann corraigh		
0633020	Ginsing		
0633990	Eile (2)		
0639000	<b>(d) aon chuid eile den phlanda</b>		
0640000	<b>Pónairí cócó</b>		
0650000	<b>Carúib</b>		
0700000	<b>LEANLUSANNA</b>	0,02 (*)	0,1 (*)
0800000	<b>SPÍOSRAÍ</b>		
0810000	<b>Spíosraí ó shíolta</b>	0,02 (*)	0,1 (*)
0810010	Ainís		
0810020	Calaindí		
0810030	Soilire		
0810040	Lus an choire		
0810050	Cuimín		
0810060	Lus mín		
0810070	Finéal		
0810080	Feinigréag		
0810090	Noitmig		
0810990	Eile (2)		
0820000	<b>Spíosraí ó thorthaí</b>	0,02 (*)	0,1 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó		
0820020	Piobar Szechuan		
0820030	Cearbhas		
0820040	Cardamam		
0820050	Caor aitul		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		
0820070	Fanaile		
0820080	Tamarain		
0820990	Eile (2)		



(1)	(2)	(3)	(4)
0830000	<b>Spíosraí ó choirt</b>	0,02 (*)	0,1 (*)
0830010	Cainéal		
0830990	Eile (2)		
0840000	<b>Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm</b>		
0840010	Liocras	0,02 (*)	0,1 (*)
0840020	Sinséar (10)		
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,02 (*)	0,1 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)		
0840990	Eile (2)	0,02 (*)	0,1 (*)
0850000	<b>Spíosraí ón mbachlóg</b>	0,02 (*)	0,1 (*)
0850010	Clóibh		
0850020	Caprais		
0850990	Eile (2)		
0860000	<b>Spíosraí ó phistil bláthanna</b>	0,02 (*)	0,1 (*)
0860010	Cróch		
0860990	Eile (2)		
0870000	<b>Spíosraí arail</b>	0,02 (*)	0,1 (*)
0870010	Maicis		
0870990	Eile (2)		
0900000	<b>PLANDAÍ SIÚCRA</b>	<b>0,005 (*)</b>	0,02 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		
0900020	Cánaí siúcra		
0900030	Fréamhacha siocaire		
0900990	Eile (2)		
1000000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN</b>		
1010000	<b>Tráchtearraí ó</b>		0,01 (*)
1011000	(a) <b>mucra</b>		
1011010	Matán	0,01 (*)	
1011020	Saill	<b>0,01 (*)</b>	
1011030	An t-ae	<b>0,005 (*)</b>	
1011040	An duán	<b>0,01 (*)</b>	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	<b>0,01 (*)</b>	
1011990	Eile (2)	<b>0,01 (*)</b>	
1012000	(b) <b>bó-ainmhí</b>		
1012010	Matán	0,01 (*)	
1012020	Saill	<b>0,01 (*)</b>	
1012030	An t-ae	<b>0,005 (*)</b>	

(1)	(2)	(3)	(4)
1012040	An duán	<b>0,01</b> (*)	
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	<b>0,01</b> (*)	
1012990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)	
1013000	<b>(c) caoirigh</b>		
1013010	Matán	0,01 (*)	
1013020	Saill	<b>0,01</b> (*)	
1013030	An t-ae	<b>0,005</b> (*)	
1013040	An duán	<b>0,01</b> (*)	
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	<b>0,01</b> (*)	
1013990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)	
1014000	<b>d) gabhar</b>		
1014010	Matán	0,01 (*)	
1014020	Saill	<b>0,01</b> (*)	
1014030	An t-ae	<b>0,005</b> (*)	
1014040	An duán	<b>0,01</b> (*)	
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	<b>0,01</b> (*)	
1014990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)	
1015000	<b>(e) eachaí</b>		
1015010	Matán	0,01 (*)	
1015020	Saill	<b>0,01</b> (*)	
1015030	An t-ae	<b>0,005</b> (*)	
1015040	An duán	<b>0,01</b> (*)	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	<b>0,01</b> (*)	
1015990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)	
1016000	<b>(f) éanlaith chlóis</b>		
1016010	Matán	0,01 (*)	
1016020	Saill	<b>0,01</b> (*)	
1016030	An t-ae	<b>0,005</b> (*)	
1016040	An duán	<b>0,01</b> (*)	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	<b>0,01</b> (*)	
1016990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)	
1017000	<b>(g) ainmhithe talún feirme eile</b>		
1017010	Matán	0,01 (*)	
1017020	Saill	<b>0,01</b> (*)	
1017030	An t-ae	<b>0,005</b> (*)	
1017040	An duán	<b>0,01</b> (*)	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	<b>0,01</b> (*)	
1017990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)	

(1)	(2)	(3)	(4)
1020000	<b>Bainne</b>	<b>0,002 (*)</b>	0,01 (*)
1020010	Eallach		
1020020	Caoirigh		
1020030	Gabhar		
1020040	Capall		
1020990	Eile (2)		
1030000	<b>Uibheacha éan</b>	0,01 (*)	0,01 (*)
1030010	An chearc		
1030020	Lacha		
1030030	Géanna		
1030040	Gearg		
1030990	Eile (2)		
1040000	<b>Míl agus táirgí beachaíreachta eile (7)</b>	0,01 (*)	0,05 (*)
1050000	<b>Débheathaigh agus Reiptílí</b>	0,01 (*)	0,01 (*)
1060000	<b>Ainmhithe inveirteabracha talún</b>	0,01 (*)	0,01 (*)
1070000	<b>Ainmhithe veirteabracha talún fiáine</b>	0,01 (*)	0,01 (*)
1100000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)</b>		
1200000	<b>TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)</b>		
1300000	<b>TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)</b>		

(\*) Léiríonn an (\*) íostearainn an chinnidh anailísigh

(\*) (a) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'larscríbhinn I

**Trífhluasól: Trífhluasól agus meitibilít FM-6-1(N-(4-clóra-2-trífhluaraimetilfeinil)-n-própocsaicéatamídín), arna sloinneadh mar Thrífhluasól (R) (F)**

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás na gcomhcheangal de lotnaidicíd-códuimhir seo a leanas: trífhluasól - cód 100000, seachas 1040000: trífhluasól (F)

(F) Intuaslagtha i saill"

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/148 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 20 Eanáir 2023**

**lena nglactar le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(1)</sup> (“an bun-Rialachán”),

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas,

**A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM**

- (1) An 13 Bealtaine 2013, trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 412/2013 ón gComhairle (“an Rialachán bunaidh”), d’fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine a thagann isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an táirge lena mbaineann”) <sup>(3)</sup>.
- (2) An 12 Iúil 2019, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún síneadh cúig bliana eile le bearta an Rialacháin bunaidh trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198.
- (3) An 28 Samhain 2019, tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún leasú ar Rialachán (AE) 2019/1198 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131 <sup>(4)</sup>.
- (4) Cuireadh sampláil i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh chun táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.
- (5) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne, d’fhorchuir an Coimisiún dleachtrátaí frithdhumpála aonair idir 13,1 % agus 18,3 % ar allmhairí an táirge lena mbaineann. Forchuireadh dleachtráta 17,9 % ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla, liostaítear iad in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1198, arna ionadú ag Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2131. Thairis sin, forchuireadh dleachtráta 36,1 % ar bhonn náisiúnta ar an táirge lena mbaineann ó chuideachtaí i nDaon-Phoblacht na Síne nár chuir iad féin in aithne ná nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.
- (6) De bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1198, is féidir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú tríd an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla a dheonú do tháirgeoir onnmhairiúcháin nua, is é sin an meánráta dleachta ualaithe 17,9 %, i gcás inar leor an fhianaise a thugann an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sin i nDaon-Phoblacht na Síne don Choimisiún maidir leis na nithe seo a leanas:
  - (a) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a mbunaítear na bearta, is é sin ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011) (“an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh”);

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

<sup>(2)</sup> IO L 189, 15.7.2019, lch. 8.

<sup>(3)</sup> IO L 131, 15.5.2013, lch. 1.

<sup>(4)</sup> IO L 321, 12.12.2019, lch. 139.

- (b) nach bhfuil sé comhlachaithe le haon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne atá faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear leis an Rialachán bunaidh; agus
- (c) go ndearna sé an táirge lena mbaineann a onnmhairiú iarbhrí chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó tá oibleagáid chonarthaigh neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas.

## B. IARRAIDH AR STÁDAS AN TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA

- (7) An 30 Deireadh Fómhair 2020, chuir Raoping Jinde Ceramics Co. Ltd. (“Jinde” nó “an t-iarratasóir”) iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonaífaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua (“NEPT”) dó agus, dá bhrí sin, go mbeadh sé faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha i nDaon-Phoblacht na Síne nár áiríodh sa sampla, is é sin 17,9 %, agus é ag maíomh gur chomhlíon sé na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1198 (“coinníollacha NEPT”).
- (8) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha NEPT, chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir inar iarradh fianaise air a léiríonn gur chomhlíon sé coinníollacha NEPT.
- (9) Tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfreagra ar an gceistneoir d’iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise agus fianaise tacaíochta an 6 Aibreán 2021, rud a chuir an t-iarratasóir faoina bhráid.
- (10) D’fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a dheimhniú lena chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir coinníollacha NEPT. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach agus cheadaigh sé bunachair sonraí éagsúla ar líne lena n-áirítear Orbis <sup>(5)</sup> agus Qichacha <sup>(6)</sup>. I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ón iarratasóir agus d’iarr sé air barúlacha a thabhairt, i gcás inar ghá. Chuir tionscal an Aontais barúlacha isteach maidir le comhlíontacht an iarratasóra leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE) 2019/1198.

## C. ANAILÍS AR AN IARRAIDH

- (11) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE) 2019/1198, is é sin nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe nár onnmhairigh an t-iarratasóir chuig an Aontas le linn na tréimhse sin. Bunaíodh Jinde i Nollaig 1995 agus tá sé i mbun onnmhairiúcháin ó bunaíodh é. Ní thaispeánann a mhórléabhar díolachán aon taifead, áfach, d’idirbhearta onnmhairiúcháin chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Ina theannta sin, bhí mórléabhair díolachán Jinde le linn na tréimhse sin i gcomhréir leis na ráitis airgeadais a soláthraíodh agus ní raibh aon rian ná aon fhianaise bhreise ann a thabharfadh le fios gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas roimh Eanáir 2012, is é sin i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Sna barúlacha tosaigh uaidh, chuir tionscal an Aontais i bhfios go láidir go raibh baint ag an iarratasóir le gníomhaíochtaí onnmhairiúcháin ón uair a bunaíodh é in 1995, ach níor chuir sé aon fhianaise ar fáil a chruthaíonn nár chomhlíon Jinde an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE) 2019/1198. Dá bhrí sin, tá fianaise leordhóthanach ann nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.
- (12) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(b) de Rialachán (AE) 2019/1198 nach bhfuil an t-iarratasóir comhlachaithe le haon onnmhaireoir ná táirgeoir atá faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (AE) 2019/1198, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe nach bhfuil Jinde comhlachaithe le haon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha atá faoi réir na mbeart frithdhumpála. Dar le Qichacha, tá scaireanna ag scairshealbhóirí Jinde i dtrí chuideachta seachas Jinde féin, agus níl aon cheann acu faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán (AE) 2019/1198. Dá bhrí sin, chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin.

<sup>(5)</sup> Is soláthraí domhanda sonraí faisnéise corparáidí é Orbis agus cumhdaíonn sé níos mó ná 220 milliún cuideachta ar fud an domhain. Soláthraíonn sé faisnéis chaighdeánaithe faoi chuideachtaí príobháideacha agus faoi struchtúir chorparáideacha go príomha.

<sup>(6)</sup> Is bunachar sonraí príobháideach brabúsach atá faoi úinéireacht na Síne é Qichacha a sholáthraíonn sonraí gnó, faisnéis chreidmheasa, agus anailísíocht do thomhaltóirí nó do ghairmithe maidir le cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí atá bunaithe sa tSín.

- (13) Maidir leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 2(c) de Rialachán (AE) 2019/1198, gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge iarbhír chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthaigh neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe gur onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas in 2019, is é sin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Chuir an t-iarratasóir sonrasc isteach, mar aon le hordú ceannacháin, doiciméid imréitigh custaim, bille luchtá agus admháil íocaíochta ar ordú a rinne cuideachta sa Fhrainc in 2019. Sa bhreis ar an lastas sin, idir 2012 agus 2019 bhí seoladh lastais eile an táirge lena mbaineann chuig an bhFrainc, a ndearna an t-iarratasóir doiciméid tacaíochta a sholáthar dóibh freisin. Dá bhrí sin, chomhlíon an t-iarratasóir an coinníoll sin.
- (14) Dá réir sin, comhlíonann an t-iarratasóir gach ceann de na trí choinníoll chun go ndeonófar NEPT dó, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1198 agus ba cheart, dá bhrí sin, glacadh leis an iarratas. Dá réir sin, ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála 17,9 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríochá nár áiríodh sa sampla le linn an imscrúdaithe bunaidh.

#### D. NOCHTADH

- (15) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a measadh gurbh íomchuí an dleachtráta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríochá nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh a dheonú do Raoping Jinde Ceramics Co. Ltd.
- (16) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach agus thug tionscal an Aontais barúlacha.
- (17) Tar éis an nochta, mhaígh tionscal an Aontais gur ceanglas reachtúil é ráiteas airgeadais chomhdhlúite do chuideachtaí sa tSín a ndéantar infheistíocht choigríche iontu, lena n-áirítear an t-iarratasóir freisin. Thairis sin, d'iarr tionscal an Aontais go dtabharfaí ainm na cuideachta comhlachaithe dó chun barúlacha maidir le hoibríochtaí gnó na cuideachta comhlachaithe a sholáthar.
- (18) D'fhóirigh an Coimisiún an fhaisnéis a thug an t-iarratasóir maidir leis an tsaincheist faoi cheanglas reachtúil a bheith ann nó gan a bheith ann maidir le ráiteas airgeadais iniúchta a sholáthar le haghaidh cuideachtaí sa tSín a ndéantar infheistíocht choigríche iontu. In 2009, d'eisigh brainse cánach Qiandong de státbhiúro cánach chontae Raoping i gcathair Chaozhou fógra chuig an iarratasóir, lenar deonaíodh díolúine don iarratasóir ón oibleagáid i dtaobh tuarascálacha iniúchta a chur isteach. Dá bharr sin, shuigh an Coimisiún nach raibh ceanglas éigeantach ann roimh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh ná ina diaidh. Thairis sin, chuir an Coimisiún ainm chuideachta chomhlachaithe an iarratasóra ar fáil do thionscal an Aontais. Ní bhfuarthas aon bharúil eile ina dhiaidh sin.
- (19) Tá an Rialachán i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Cuirtear an chuideachta seo a leanas le hIarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1198 arna modhnú le Rialachán (AE) 2019/2131 ina bhfuil liosta de na cuideachtaí comhoibríochá nár áiríodh sa sampla:

Cuideachta	Cód TARIC cód breise
Raoping Jinde Ceramics Co. Ltd.	C879

#### Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/149 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 20 Eanáir 2023**

**maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí beanflurailin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 20(1) agus Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2008/108/CE ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> áirítear beanflurailin mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) Substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí beanflurailin, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé sin in éag an 28 Feabhra 2023.
- (4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na hIorua, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hÍsiltíre, an Ballstáit is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí beanflurailin a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chuir na hiarratasóirí na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith comhlánaithe ina iomláine.
- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus an Choimisiúin í an 28 Lúnasa 2017. Sa dréacht-tuarascáil uaidh maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Iorua gan formheas beanflurailine a athnuachan.

<sup>(1)</sup> IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Treoir 2008/108/CE ón gCoimisiún an 26 Samhain 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun flutolainil, beanflurailin, fluasanam, fúibeiríodasól agus meipiocuat a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 317, 27.11.2008, lch. 6).

<sup>(3)</sup> Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26). Cuireadh Rialachán (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena tréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ar an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.



- (7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil go poiblí. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar na hiarratasóirí agus ar na Ballstáit freisin chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
- (8) An 27 Meán Fómhair 2019, chuir an tÚdarás a chonclúid in iúl don Choimisiún <sup>(6)</sup> i dtaobh an féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh beanflurailin na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (9) Sa chonclúid uaidh, d'aithin an tÚdarás roinnt ábhair inní. Go háirithe, d'aithin sé riosca fadtéarmach d'éin agus do mhamaigh, lena n-áirítear an riosca ó nimhiú tánaisteach éan agus mamach a itheann péisteanna talún, mar phríomhréimse inní. Thairis sin, d'aithin an tÚdarás go bhfuil riosca fadtéarmach ann d'orgánaigh uisceacha ó bheanflurailin, fiú nuair a chuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm, agus riosca fadtéarmach d'orgánaigh uisceacha ó na meitibilítí 371R agus 372R mar phríomhréimse inní. Ar deireadh, dúirt sé nach féidir géineatocsaineacht fhéideartha eisíontais a chur as an áireamh ós rud é nár thacaigh an measúnú tocsaineolaíoch, lena n-áirítear leibhéal an eisíontais sin, leis an tsonraíocht theicniúil.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí a mbarúlacha a chur isteach i leith chonclúid an Údaráis. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, d'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí a mbarúlacha a chur isteach i leith na tuascála athnuachana. Chuir na hiarratasóirí a mbarúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (11) An 16 Iúil 2021, chuir an Coimisiún sainordú chuig an Údarás mar aon le hiarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú teagmhála agus an measúnú riosca a mhéid a bhaineann le héin, mamaigh agus orgánaigh uisceacha. Chuir an tÚdarás conclúid cothrom le dáta chuig an gCoimisiún an 25 Lúnasa 2022 <sup>(7)</sup> inar deimhníodh na hábhair inní a aithníodh sa chonclúid roimhe sin. D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí a mbarúlacha a chur isteach i leith na tuascála athnuachana athbhreithnithe. Chuir na hiarratasóirí a mbarúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (12) D'ainneoin na n-argóintí a rinne na hiarratasóirí, ní fhéadfaí an t-ábhar inní a bhaineann leis an tsubstaint ghníomhach agus le ceann de na meitibilítí a chur as an áireamh.
- (13) Dá réir sin, maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad, níor suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Dá bhrí sin, is iomchuí gan formheas na substainte gníomhaí beanflurailin a athnuachan.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.
- (15) Ba cheart am a thabhairt do na Ballstáit údaruithe maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil beanflurailin a tharraingt siar.
- (16) Maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil beanflurailin, i gcás ina ndeonóidh na Ballstáit aon tréimhse cairde i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart an tréimhse sin dul in éag, ar a dhéanaí, an 12 Bealtaine 2024.
- (17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2068 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup>, cuireadh síneadh le tréimhse formheasa beanflurailine go dtí an 28 Feabhra 2023 chun go bhféadfaí an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachadh tréimhse formheasa na substainte sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh gan an formheas a athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.

<sup>(6)</sup> EFSA. 2019. *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance benfluralin* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí beanflurailin]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17 (10):5842. 34 lch. doi:10.2903/j.efsa.2019.5842.

<sup>(7)</sup> EFSA. 2022. *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance benfluralin* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí beanflurailin]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20 (9):7556, 36 lch. doi:10.2903/j.efsa.2022.7556.

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2068 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beanflurailin, démhocsastróibin, fluasanam, flutolainil, meiceapróp-P, meipiocuat, meitiream, ocsaimil agus pireaoclóstróibin (IO L 421, 26.11.2021, lch. 27).

- (18) Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach ar fhormheas beanflurailine de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí**

Ní dhéantar formheas na substainte gníomhaí beanflurailin a athnuachan.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

I gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, scriostar ró 188 maidir le beanflurailin.

*Airteagal 3*

**Forálacha idirthréimhseacha**

Déanfaidh na Ballstáit na húdaruithe a tharraingt siar maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil beanflurailin mar shubstaint ghníomhach faoin 12 Lúnasa 2023.

*Airteagal 4*

**Tréimhse cairde**

Aon tréimhse cairde a dheonaíonn na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rachaidh sí in éag faoin 12 Bealtaine 2024.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/150 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 20 Eanáir 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna nó deighleoga díobh a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')<sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 31(3), 36(4) agus 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de agus leagtar síos an chaoi a bhfuil na rialacha sin le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla de ghalair liostaithe. Déantar foráil i Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b) de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c) de, agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún. Foráiltear leis an Rialachán sin freisin maidir leis an bhformheas nó an tarraingt siar a dhéanfaidh an Coimisiún ar stádas saor ó ghalair Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), de.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún<sup>(2)</sup> déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú, a choinneáil, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe éigeantach nó roghnach le haghaidh Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún<sup>(3)</sup> leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir leis na galair liostaithe ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair agus neamh-vacsainithe Ballstát áirithe nó criosanna nó deighleog díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. Go háirithe, liostaítear ann sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstáit nó na criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu. De thoradh na staidhe epidéimeolaíche maidir le galair áirithe a bheith ag athrú, is gá anois iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú chun Ballstáit nua nó criosanna díobh atá saor ó ghalair a liostú agus chun limistéir nó deighleoga ina ndeimhnítear ráigeanna galair nó nach bhfuil na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a choinneáil ar bun á gcomhlíonadh iontu a thuilleadh a scríosadh ó na liostaí.
- (4) Maidir le hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*Mycobacterium bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) (MTBC), ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV), ionfhabhtú le buinneach víreasach bhólachta (BVD), ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (BTV), agus ionfhabhtú le seipticéime fhuilreatha víreasach (VHS), chuir roinnt Ballstát iarratas faoi bhráid an gCoimisiúin le déanaí go ndeonófaí stádas saor ó ghalair do chuid dá gcóir. Thug roinnt Ballstát fógra freisin faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), BTV, agus ionfhabhtú le neacróis fhuilghinte (IHN), ráigeanna nach mór a chur in iúl in Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádas neamh-vacsainithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78).

- (5) Maidir le hionfhabhtú le MTBC, chuir an Spáinn faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint i leith ionfhabhtú le MTBC a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gComhphobail Uathrialacha na nOileán Bailéarach, an Chatalóin agus Murcia. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith MTBC. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalair acu i leith ionfhabhtú le MTBC.
- (6) Maidir le hionfhabhtú le ADV, chuir an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint i leith ADV, ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, i réigiúin Trento agus Veneto. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin critéir Chuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith ADV. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalair acu i leith ionfhabhtú le ADV.
- (7) Maidir le hionfhabhtú le BVD, chuir an Ghearmáin faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint i leith BVD, ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, maidir le Dachau, Straubing-Bogen agus Günzburg sa Bhaváir. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith BVD. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalair acu i leith ionfhabhtú le BVD.
- (8) Thug an Ungáir fógra don Choimisiún faoi roinnt ráigeanna d'ionfhabhtú le RABV i gcontae Szabolcs-Szatmár-Bereg. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalair i leith ionfhabhtú le RABV ag críoch iomlán na hUngáire, agus go liostaítear í i gCuid I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart a stádas saor ó ghalair maidir le contae Szabolcs-Szatmár-Bereg a tharraingt siar, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an Ungáir sa liosta sin a leasú dá réir.
- (9) Maidir le hionfhabhtú le RABV, tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ungáir freisin ar chlár díothaithe a bheith formheasta do chontae Szabolcs-Szatmár-Bereg. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le clár díothaithe le haghaidh ionfhabhtú le RABV a fhorhmeas. Dá bhrí sin, ba cheart contae Szabolcs-Szatmár-Bereg a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chrios a bhfuil clár díothaithe formheasta aige le haghaidh ionfhabhtú le RABV.
- (10) Thug an Phortaingéil fógra don Choimisiún faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le BTV séiritíopa 4 i gceantair Aveiro, Bragança, Coimbra, Guarda agus Viseu, ráigeanna a bhuaile na ceantair máguaird freisin. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalair ag na ceantair sin, agus go liostaítear iad i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart a stádas saor ó ghalair i leith ionfhabhtú le BTV a tharraingt siar, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an bPortaingéil sa liosta sin a leasú dá réir.
- (11) Thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le BTV séiritíopa 4 i gcúige Toledo i gComhphobail Uathrialach Castilla-La Mancha, agus i gcúige Salamanca i gComhphobail Uathrialach Castilla y León, ráigeanna a bhuaile limistéir i gcúige Avila agus Zamora freisin. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalair ag na limistéir sin, agus go liostaítear iad i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart a stádas saor ó ghalair i leith ionfhabhtú le BTV a tharraingt siar, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an Spáinn sa liosta sin a leasú dá réir.
- (12) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le BTV, chuir an Spáinn faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin freisin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair BTV a aithint i gcás réigiúin áirithe de Chomhphobail Uathrialacha Aragón agus Navarra agus i gcás réigiúin áirithe de Chomhphobail Uathrialach Thír na mBascach. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith BTV. Ós rud é gur díothaíodh ionfhabhtú le BTV ó na Comhphobail Uathrialacha sin, ba cheart, dá bhrí sin, críoch iomlán na gComhphobail Uathrialacha sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar chríoch a bhfuil stádas saor ó ghalair aici i leith ionfhabhtú le BTV.

- (13) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le BTV, chuir an Ghearmáin faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar i leith BTV a aithint i gcás Bundesland Saarland, agus i gcás codanna áirithe de Bundesland Rhineland-Palatinate. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú i leith BTV. Dá bhrí sin, ba cheart an crios sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chrios a bhfuil stádas saor ó ghalar aige i leith ionfhabhtú le BTV.
- (14) A mhéid a bhaineann le VHS, chuir an Fhionlainn faisnéis ar fáil lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar i leith VHS i gcás chúige Åland. Comhlíonann an fhaisnéis sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú i leith VHS. Ós rud é gur díothaíodh VHS ó chúige Åland, ba cheart, dá bhrí sin, críoch iomlán na Fionlainne a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar chríoch a bhfuil stádas saor ó ghalar aici i leith VHS.
- (15) Ina theannta sin, thug an Fhionlainn fógra don Choimisiún faoi ráig de IHN i gCúige Åland, i limistéar a liostaítear mar limistéar a bhfuil stádas saor ó ghalar aige in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Dá bhrí sin, ba cheart stádas saor ó ghalar an limistéir ionfhabhtaithe a tharraingt siar agus ba cheart an deighleog sin a scriosadh ó Chuid I den Iarscríbhinn sin, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an mBallstát sin sa liosta sin a leasú dá réir.
- (16) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II, III, VI, VII, VIII, XII agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.
- (17) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II, III, VI, VII, VIII, XII agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II, III, VI, VII, VIII, XII agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) I gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
“An Spáinn	Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma de Islas Baleares Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma del País Vasco Comunidad Autónoma del Principado de Asturias”

(b) I gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
“An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía Comunidad Autónoma de Aragón Comunidad Autónoma de Cantabria Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha Comunidad Autónoma de Castilla y León Comunidad Autónoma de Extremadura Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Madrid Comunidad Autónoma de Navarra Comunidad Autónoma de Valencia”

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) I gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Ungáir:

Ballstát	Críoch
“An Ungáir	An críoch iomlán seachas Szabolcs-Szatmár-Bereg megye”

(b) I gCuid II, cuirtear an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an Ungáir isteach roimh an iontráil a bhaineann leis an bPolainn:

Ballstát	Críoch
“An Ungáir	Szabolcs-Szatmár-Bereg megye”

(3) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas

(a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
“An Iodáil	Regione Friuli Venezia Giulia Regione Trentino – Alto Adige Regione Veneto”

(b) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch	Dáta an fhorhmeasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15, pointe 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689
"An Iodáil	Regione Abruzzo Regione Apulia Regione Basilicata Regione Calabria Regione Campania Regione Emilia-Romagna Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise Regione Piemonte Regione Sicilia Regione Toscana Regione Valle d'Aosta Regione Umbria	21 Aibreán 2021"

(4) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch
"An Ghearmáin	Bundesland Baden-Württemberg Bundesland Bayern: Regierungsbezirk Oberbayern Na cathracha agus <i>Landkreise</i> seo a leanas in Regierungsbezirk Niederbayern: Stadt Landshut, Stadt Passau, Stadt Straubing, Freyung-Grafenau, Kelheim, Lkr. Landshut, Lkr. Passau, Regen, Rottal-Inn, Lkr. Straubing-Bogen, Na cathracha agus <i>Landkreise</i> seo a leanas in Regierungsbezirk Oberpfalz: Stadt Amberg, Stadt Regensburg, Weiden in der Oberpfalz, Lkr. Amberg-Sulzbach, Cham, Neumarkt in der Oberpfalz, Neustadt an der Waldnaab, Lkr. Regensburg, Schwandorf, Tirschenreuth Na cathracha agus <i>Landkreise</i> seo a leanas in Regierungsbezirk Oberfranken: Stadt Bamberg, Stadt Bayreuth, Stadt Coburg, Stadt Hof, Lkr. Bamberg, Lkr. Bayreuth, Lkr. Coburg, Forchheim, Lkr. Hof, Kronach, Kulmbach, Lichtenfels, Wunsiedel im Fichtelgebirge Na cathracha agus <i>Landkreise</i> seo a leanas in Regierungsbezirk Mittelfranken: Stadt Ansbach, Stadt Erlangen, Stadt Fürth, Nürnberg, Schwabach, Lkr. Ansbach, Lkr. Erlangen-Höchstadt, Lkr. Fürth, Nürnberger Land, Neustadt an der Aisch-Bad Windsheim, Roth, Weißenburg-Gunzenhausen Na cathracha agus <i>Landkreise</i> seo a leanas in Regierungsbezirk Unterfranken: Stadt Aschaffenburg, Stadt Schweinfurt, Stadt Würzburg, Lkr. Aschaffenburg, Bad Kissingen, Röhn-Grabfeld, Haßberge, Kitzingen, Miltenberg, Main-Spessart, Lkr. Schweinfurt, Lkr. Würzburg

	<p>Na cathracha agus <i>Landkreise</i> seo a leanas in Regierungsbezirk Schwaben: Stadt Augsburg, Kaufbeuren, Kempten im Allgäu, Memmingen, Aichach-Friedberg, Dillingen an der Donau, Günzburg, Neu-Ulm, Lindau, Oberallgäu, Unterallgäu, Donau-Ries</p> <p>Bundesland Brandenburg          Bundesland Bremen          Bundesland Hamburg          Bundesland Hessen          Bundesland Mecklenburg-Vorpommern          Bundesland Rheinland-Pfalz          Bundesland Saarland          Bundesland Sachsen          Bundesland Sachsen-Anhalt          Bundesland Thüringen”</p>
--	---

(b) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch	Dáta an fhorhmeasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15, pointe 2, de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2020/689
“An Ghearmáin	<p>Bundesland Bayern:            Na cathracha agus <i>Landkreise</i> seo a leanas in Regierungsbezirk Niederbayern: Deggendorf, Dingolfing-Landau            Na cathracha agus <i>Landkreise</i> seo a leanas in Regierungsbezirk Schwaben: Lkr. Augsburg, Ostallgäu            Bundesland Berlin            Bundesland Niedersachsen            Bundesland Nordrhein-Westfalen            Bundesland Schleswig-Holstein</p>	21 Feabhra 2022”

(5) In Iarscríbhinn VIII, leasaítear Cuid I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch
“An Ghearmáin	<p>Bundesland Baden-Württemberg            Bundesland Bayern            Bundesland Berlin            Bundesland Brandenburg            Bundesland Bremen            Bundesland Hamburg            Bundesland Hessen            Bundesland Mecklenburg-Vorpommern            Bundesland Niedersachsen            Bundesland Nordrhein-Westfalen            Bundesland Rheinland-Pfalz:            Na <i>Landkreise</i> seo a leanas: Ahrweiler, Altenkirchen, Alzey-Worms, Bad Dürkheim, Bad Kreuznach, Birkenfeld, Cochem-Zell, Donnersbergkreis, Germersheim, Kaiserslautern, Kusel, Mainz-Bingen, Mayen-Koblenz, Neuwied, Rhein-Hunsrück-Kreis, Rhein-Lahn-Kreis, Rhein-Pfalz-Kreis, Südliche Weinstraße, Südwestpfalz, Westerwaldkreis</p>



	Na cathracha seo a leanas: Frankenthal (Pfalz), Kaiserslautern, Koblenz, Landau in der Pfalz, Ludwigshafen am Rhein, Mainz, Neustadt an der Weinstraße, Pirmasens, Speyer, Worms, Zweibrücken Bundesland Saarland Bundesland Sachsen Bundesland Sachsen-Anhalt Bundesland Schleswig-Holstein Bundesland Thüringen”
--	---

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
“An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía: Cúige Almería Cúige Granada, na réigiúin seo a leanas: Cúige Granada, na réigiúin seo a leanas: Alhama de Granada (Alhama/Teampall), Baza (Altiplanicie Sur), Guadix (Hoya-Altiplanicie de Guadix), Huescar (Altiplanicie Norte), Iznalloz (Montes Orientales), Loja (Vega/Montes Occ.), Orgiva (Alpujarra/Valle de Lecrin), Santa Fe (Vega de Granada) Comunidad Autónoma de Aragón Comunidad Autónoma de Asturias Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Cantabria Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha, seachas na réigiúin seo a leanas: Almadén, Almodóvar del Campo, Piedrabuena i gCúige Ciudad Real Belvis de la Jara, Gálvez, Los Navalmorales, Oropesa, Talavera de la Reina, Toledo, Torrijos i gCúige Toledo Comunidad Autónoma de Castilla y León, seachas na réigiúin seo a leanas: Cúige Salamanca Ávila, Arenas de San Pedro, Candeleda, Cebrero, El Barco de Ávila, El Barraco, Navaluenga, Navarredonda de Gredos, Piedrahíta, San Pedro del Arroyo, Sotillo de la Adrada i gCúige Ávila Bermillo de Sayago i gCúige Zamora Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Madrid, seachas na réigiúin seo a leanas: Navalcarnero, San Martín de Valdeiglesias Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma de Navarra Comunidad Autónoma de País Vasco Comunidad Autónoma de Valencia”

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPortaingéil:

Ballstát	Críoch
“An Phortaingéil	Região Autónoma dos Açores Região Autónoma da Madeira”

(6) In Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid II:

“CUID II

**Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le BTV**

Ballstát	Críoch	Dáta an fhorhmeasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15, pointe 2, de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2020/689
An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía: Cúigí Cádiz, Córdoba, Huelva, Ján, Málaga, Sevilla Cúige Granada: Motril (Costa de Granada) Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha: Cúige Ciudad Real, na réigiúin seo a leanas: Almadén, Almodóvar del Campo agus Piedrabuena Comunidad Autónoma de Extremadura: Comunidad Autónoma de Islas Baleares	21 Feabhra 2022”

(7) In Iarscríbhinn XII, Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFionlainn:

Ballstát	Críoch
“An Fhionlainn	Críoch iomlán”

(8) In Iarscríbhinn XIII, Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFionlainn:

Ballstát	Críoch
“An Fhionlainn	An chríoch iomlán, seachas an méid seo a leanas: 1) an deighleog chósta arb éard atá inti na codanna sin de bhordasachtaí Föglö, Lumparland, Lemland, Vårdö atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 19,331 km dar lár na gcomhordanáidí WGS84 domhanleithead 59,975253701 °, domhanfhad 20,454027317 ° 2) an deighleog chósta arb éard atá inti na codanna sin de bhordasachtaí Eckerö agus Hammarland atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km dar lár na gcomhordanáidí WGS84 domhanleithead 60,207175390 °, domhanfhad 19,507907780 °”

# CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2023/151 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Eanáir 2023

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Síniódh an Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (“an Comhaontú”) <sup>(1)</sup>, sa Bhruiséil an 22 Eanáir 2009 de bhun Cinneadh 2009/152/CE ón gComhairle <sup>(2)</sup>, agus cuireadh i bhfeidhm ar bhonn sealadach é ón 4 Lúnasa 2014.
- (2) Faoi théarmaí an Chomhaontaithe, is é Poblacht Camarún Páirtí na hAfraice Láir.
- (3) De bhun Airteagal 92 den Chomhaontú, bunaítear Coiste CCE na hAfraice Láir-AE, atá le bheith freagrach as riarachán gach earnála a chumhdaítear sa Chomhaontú agus as na cúraimí uile dá dtagraítear ann a chomhlánú.
- (4) De bhun Airteagal 5 de Rialacha Nós Imeachta Choiste CCE idir an tAontas agus an Afraic Láir a glacadh an 15 Nollaig 2016 le Cinneadh Uimh. 1/2016 ó Choiste CCE <sup>(3)</sup>, chun a chuid cúraimí a fheidhmiú go héifeachtúil, féadfaidh Coiste CCE na hAfraice Láir-AE fochoistí a chur ar bun, faoina údarás féin, a bheidh freagrach as ábhair éagsúla a láimhseáil faoin gComhaontú. Dá réir sin, is féidir le Coiste CCE na hAfraice Láir-AE Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.
- (5) Is iomchuí a bhunú an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla aige san Aontas.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, maidir le seasamh an Aontais a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú, ba cheart é a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

<sup>(1)</sup> IO L 57, 28.2.2009, lch. 2.

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2009/152/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (IO L 57, 28.2.2009, lch. 1).

<sup>(3)</sup> IO L 17, 21.1.2017, lch. 46.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, maidir le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste CCE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tar éis a ghlactha, foilseofar an Cinneadh ó Choiste CCE in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
E. SVANTESSON

**DRÉACHT****CINNEADH Uimh. .../2023 Ó CHOISTE CCE arna bhunú leis an gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile****an ...****maidir le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú**

TÁ COISTE CCE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, agus go háirithe d'Airteagal 92 de,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1/2016 ó Choiste CCE an 15 Nollaig 2016 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta, agus go háirithe d'Airteagal 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 92 de Chomhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (“an Comhaontú”) <sup>(1)</sup> go bhfuil Coiste CCE le bheith freagrach as riarachán gach earnála a chumhdaítear sa Chomhaontú agus as na cúraimí uile dá dtagraítear ann a chomhlánú.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 5 de Chinneadh Uimh. 1/2016 ó Choiste CCE an 15 Nollaig 2016 maidir le glacadh a Rialacha Nós Imeachta <sup>(2)</sup> go bhfuil Coiste CCE in ann fochoistí a chur ar bun, faoina údarás féin, atá freagrach as ábhair shonracha a láimhseáil faoin gComhaontú.
- (3) Is gá Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú,

TAR ÉIS AN CHINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, bunaítear Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe don Chomhpháirtíocht idir an Comhphobal Eorpach agus Páirtí na hAfraice Láir chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 2 a chomhlíonadh.
2. Is é príomhaidhm Fhochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe malartuithe faisnéise faoi shaincheisteanna maidir le forbairt talmhaíochta, tréadacha agus tuaithe a éascú.

*Airteagal 2*

1. Beidh Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe freagrach as staidéar a dhéanamh ar dhoiciméid chun tuairimí a fhorbairt, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar shaincheisteanna talmhaíochta, tréadacha agus tuaithe chomh maith le tuairimí a eisiúint agus moltaí a dhéanamh maidir leo. Cuirfidh sé ar a gcumas do na bPáirtithe a gcuid taithí, faisnéise agus dea-chleachtas a mhalartú agus comhairliúchán a dhéanamh le chéile faoi gach ábhar a bhaineann leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shainmhíneáir in Airteagal 2 de Theideal I den Chomhaontú, agus a thagann faoi raon an fhochoiste mar a thuairiscítear thíos.

<sup>(1)</sup> IO L 57, 28.2.2009, lch. 2.

<sup>(2)</sup> IO L 17, 21.1.2017, lch. 46.

2. Beidh an Fochoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe freagrach as an méid a leanas, faoi údarás Choiste CCE:
- (a) faireachán ar gach gné de Theidil II, III agus V den Chomhaontú a bhaineann le trádáil talmhaíochta agus táirgí beostoic, le cúrsaí sláintíochta agus fiteasláintíochta, le slándáil bia agus forbairt tuaithe, chomh maith le maoin intleachtúil agus saincheisteanna maidir le forbairt inbhuanaithe, toisc go mbaineann siad le táirgí talmhaíochta agus beostoic;
  - (b) páirt a ghlacadh in idirphlé beartais faoi thalmhaíocht, beostoc agus forbairt tuaithe sna réimsí seo a leanas:
    - (i) tairgeadh, tomhaltas, tionscnamh trádála agus forbairtí sa mhargadh i gcás talmhaíochta agus táirgí beostoic;
    - (ii) infheistiú sna hearnálacha talmhaíochta agus trédacha a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ar mhionscála;
    - (iii) beartais talmhaíochta agus forbartha tuaithe, reachtaíocht agus rialacháin, lena n-áirítear beartais ar thásca geografacha agus an fheirmeoireacht orgánach;
    - (iv) teicneolaíochtaí nua, taighde agus nuálaíocht, agus aistriú eolais chuig na hearnálacha talmhaíochta chomh maith le gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a chur chun cinn.
3. Beidh Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe freagrach freisin as an bhfaireachán ar chur chun feidhme mholtaí Choiste CCE a mhéid a bhaineann siad leis an réimse inniúlachta a shainmhíntear i mír 2.
4. Cuirfidh Fochoiste CCE a thuairimí faoi bhráid Choiste CCE.

#### *Airteagal 3*

I bhFochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, beidh ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ar thaobh amháin, agus ionadaithe ó Pháirtí na hAfraice Láir, ar an taobh eile. Féadfaidh na páirtithe a bhfuil ionadaíocht acu ann cinneadh a dhéanamh le chéile cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe eile, go háirithe geallsealbhóirí a bhaineann réimse inniúlachta an Fhochoiste leo.

#### *Airteagal 4*

Tiocfaidh Fochoiste CCE le chéile ar an láthair nó trí leas a bhaint as modhanna iomchuí eile atá comhaontaithe ag na Páirtithe. Cinnfear clár agus minicíocht chruinnithe an fhochoiste trí chomhthoil idir na páirtithe.

#### *Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ..., ....

*Thar ceann Phoblacht Chamarún*

*Thar ceann an Aontais Eorpaigh*

---



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)